Údaráis Áitiúla Chiarraí

Plean

Gníomhaithe

um Rochtain do Chách 2008 - 2015

Clár

	Lch.
Achoimre Feidhmiúcháin	3
Réamhrá	6
Cur Chuige	10
Iniúchóireacht Rochtana	14
Comhairliúchán	16
Modheolaíocht Tosaíochta	22
Sceideal Oibreacha	23

Achoimre Feidhmiúcháin

I bPlean Gníomhaithe um Rochtain do Chách Údaráis Áitiúla Chiarraí 2008-2015, leagtar amach an cúlra reachtaíochta agus beartais, mar aon le cur chuige Údaráis Áitiúla Chiarraí go dtí seo, an toradh ar na hiniúchtaí rochtana, na bealaí agus torthaí comhairliúcháin, agus an córas a úsáideadh chun tosaíocht a thabhairt d'oibreacha.

Tá sé phríomhréimse sa Phlean Gníomhaithe.

Sa chéad rannán, an "Réamhrá", faightear comhthéacs an phlean, áit a rianaítear obair Údaráis Áitiúla Chiarraí (KLA) maidir le Forógra Barcelona 2003-2006 a chur i bhfeidhm, agus maidir leis na heochairghnéithe den Acht um Míchumas 2005 atá mar bhuntaca le Dréachtphlean Gníomhaithe um Rochtain do Chách Údaráis Áitiúla Chiarraí 2008-2015 a shainaithint. Tagraítear sa Réamhrá, chomh maith, do na ceanglais reachtúla agus rialúcháin, ar nós Rialacháin Tógála Cuid M, atá mar bhonn leis an Dréachtphlean Gníomhaithe a chur i bhfeidhm, agus rianaítear eochairphrionsabail an Phlean iontu.

Sa dara rannán, "Cur Chuige", sonraítear na meicníochtaí a úsáidfidh Údaráis Áitiúla Chiarraí chun na gníomhartha a ghabhann leis an Dréachtphlean Gníomhaithe a eagrú. Ina measc seo, úsáidfear a bhfuil foghlamtha ag Foireann Barcelona, atá tar éis an clár míchumais a bhrú ar aghaidh, agus cur chuige comhtháite, dianseisiúin oiliúna feasachta do bhaill foirne, etc á n-úsáid.

Déanfaidh an Fhoireann Ardbhainistíochta cur i bhfeidhm an Phlean a mhaoirsiú agus bunóidh siad an Fhoireann Feidhmithe chun na cuspóirí sa Phlean a chur i gcrích.

Nuair a bheidh an Plean glactha ag an gComhairle Thofa, cuirfear an clár i gcrích tríd na Pleananna Oibríochta Bliantúla i ngach Stiúrthóireacht. Leagtar amach sa Rannán seo, chomh maith, na socruithe monatóireachta agus tuairiscithe a bheidh i bhfeidhm, agus luaitear an Grúpa um Beartas Corparáideach a dhéanfaidh maoirseacht ar an bPlean Gníomhaithe.

Sa tríú rannán leagtar amach na critéir "d'Iniúchtaí Rochtana" a rinne foireann oilte de chuid Údaráis Áitiúla Chiarraí féin i 2006 agus 2007. Sna hIniúchtaí Rochtana críochnaithe sonrófar na gníomhartha feabhsaithe atá riachtanach ionas go mbeidh teacht ag na custaiméirí ar fad ar limistéir agus ar fhoirgnimh shainaitheanta.

Baineann an ceathrú rannán leis an bpróiseas 'Comhairliúcháin' a bheidh ar siúl ag Údaráis Áitiúla Chiarraí ar mhaithe le hionchur sa phlean gníomhaithe a bheith uileghabhálach. Sa Phlean Earnála atá ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, iarrtar chomh maith ar Údaráis Áitiúla Chiarraí dul i gcomhairle leis na príomhsholáthróirí iompair sa Chontae. Mínítear chomh maith an próiseas comhairliúcháin phoiblí ar thug Údaráis Áitiúla Chiarraí faoi i nDeireadh Fómhair 2007.

Sa chúigiú rannán, 'Modheolaíocht Tosaíochta', rianaítear conas a dhéanfaidh Údaráis Áitiúla Chiarraí cinntí eolacha maidir le gníomhartha a

chur in ord tosaíochta. I bPlean Earnála na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DOEHLG) deirtear: "*Tabharfar tús áite d'fhoirgnimh rialtais áitiúil agus do shaoráidí eile ar gá dul isteach iontu go minic, agus do chosáin, sráideanna agus trasrianta poiblí inrochtana i gceantair uirbeacha chomh maith*".
Bhí modh tánaisteach maidir le tosaíochtaí a chinneadh ag brath ar an eolas ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí.

Dearbhaíonn an rannán deireanach 'Sceideal Oibreacha' go n-ullmhóidh gach rannóg clár oibreacha bliantúil a bheidh ag teacht leis an bpróiseas pleanála oibríochta agus a fhéachfaidh do thorthaí na n-iniúchtaí rochtana agus don phróiseas comhairliúcháin ar tugadh faoi. Tá sé tábhachtach a nótáil go ndeirtear i bPlean earnála DOEHLG:
Agus a bpleananna gníomhaithe á ndréachtú acu, beidh aird ag Údaráis Áitiúla Chiarraí ar an maoiniúchán agus ar na hacmhainní foirne atá ar fáil dóibh lena gcur i ngníomh.'

Ghlac na ceithre Údarás Áitiúil i gCiarraí go foirmiúil leis an bplean ar na dátaí seo a leanas:

Comhairle Contae Chiarraí	**17 Nollaig 2007**
Comhairle Baile Thrá Lí	**7 Eanáir 2008**
Comhairle Baile Chill Airne	**14 Eanáir 2008**
Comhairle Baile Lios Tuathail	**14 Eanáir 2008**

Réamhrá

Le blianta beaga anuas, tá Údaráis Áitiúla Chiarraí i mbun gnímh chun go mbeadh rochtain ag gach duine ar a gcuid seirbhísí.

Tá an ceithre Údarás Áitiúil i gCiarraí (Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Baile Thrá Lí, Comhairle Baile Chill Airne agus Comhairle Baile Lios Tuathail) réamhghníomhach maidir le comhdheiseanna do dhaoine faoi mhíchumas a spreagadh, agus tacaíonn siad lena rannpháirtíocht ghníomhach i saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha an phobail.

1.1 Forógra Barcelona

An aidhm atá le Plean Fhorógra Barceolona 2003-2006 ná “feachaint go mbeadh rochtain níos fearr ag gach duine ar thimpeallacht Chiarraí. San áireamh tá an timpeallacht fhisiciúil, feasacht a spreagadh, faisnéis agus teacht a bheith ag daoine ar na próisis chinnteoireachta.”

I 2001 chinn Údaráis Áitiúla Chiarraí (KLA) ar chur chuige comhtháite chun Forógra Barcelona a chur i bhfeidhm. Búnaíodh foireann trasrannóige a bhailigh faisnéis ar sholáthar seirbhísí Údaráis Áitiúla Chiarraí do dhaoine faoi mhíchumas. Chomh maith le réimsí ina bhfuil dea-chleachtas i bhfeidhm faoi láthair a aithint, shonraigh an fhoireann réimsí a d’fhéadfaí a fheabhsú. Sholáthraigh Plean Fhorógra Barcelona 2003-2006 frámaíocht straitéiseach chun go mbeadh teacht ag gach duine ar na seirbhísí go léir. Ag éirí as an bPlean, chothaigh Údaráis Áitiúla Chiarraí feasacht maidir leis an ngá le promhadh a dhéanamh ar ár seirbhísí ó thaobh daoine faoi mhíchumas,

oiliúint a chur ar an bhfoireann ar fad maidir le comhrochtain ar gach seirbhís a chur ar fáil, agus athraíodh cuid den bhonneagar fisiciúil seo againne chun a leithéid de rochtain a sholáthar.

Mar aitheantas ar ár gcuid iarrachtaí, tá go leor gradam faighte ag Údaráis Áitiúla Chiarraí; san áireamh tá an Gradam Inrochtaine i gCill Airne, ghnóthaigh Comhairle Contae Chiarraí an *"positive to Disability Award",* agus ba iad Údaráis Áitiúla Chiarraí buaiteoirí foriomlána an *O2 Ability Award* don earnáil neamhphríobháideach sa bhliain 2005 agus 2006.

1.2 An tAcht um Míchumas 2005

Deirtear san Acht um Míchumas 2005 go gcuirfidh gach údarás áitiúil plean gníomhaithe le chéile, laistigh de thrí mhí ó iniúchadh rochtana a bheith déanta, ina leagtar amach clár gníomhaíochta lena ngabhann costais shonraithe chun feidhm a thabhairt do na gealltanais agus cuspóirí atá san Acht um Míchumas 2005 agus sna Pleananna Earnála Roinne.

Tá Údaráis Áitiúla Chiarraí tiomanta dá ndualgais a chomhlíonadh faoin Acht um Míchumas 2005, agus faoin bPlean Earnála a d'ullmhaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil de réir fhorálacha Ailt 31 & 36 den Acht um Míchumas 2005.

Baineann Cuid 3 den Acht um Míchumas le rochtain ar Fhoirgnimh Phoiblí, Seirbhísí agus Pleananna Earnála, agus baineann Cuid 5 le Fostaíocht Seirbhíse Poiblí.

Tá sé cinn de Phleananna Earnála Roinne ann san iomlán, ach beidh Údaráis Áitiúla Chiarraí ag plé go príomha le Pleananna Earnála a bhaineann leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DOEHLG) agus An Roinn Iompair agus ag feidhmiú dá réir.

1.3 Inrochtaine i gCiarraí

Cheap Comhairle Contae Chiarraí an Feidhmeannach Sinsearach, Gnóthaí Corparáideacha, mar **Oifigeach Rochtana** ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas, de réir Alt 26 den Acht um Míchumas.

I ngach Comhairle Baile tá Cléireach an Bhaile ainmnithe mar Oifigeach Rochtana an Údaráis sin chun:

- Aisfhreagairt an údaráis ar Chuid 3 agus 5 den Acht a chomhordú.
- A bheith ina chéadphointe teagmhála idir an údarás áitiúil agus grúpaí áitiúla daoine faoi mhíchumas nó daoine faoi mhíchumas.
- Cinntiú go mbeidh teacht ag daoine faoi mhíchumas ar sheirbhísí nó áiseanna nua a sholáthraíonn údaráis áitiúla tar éis thosach feidhme an Achta.
- Na h-iniúchtaí rochtana atá ar bun ar fud an Chontae a bhainistiú.

De réir fhorálacha Alt 38 den Acht, ceapadh an tOifigeach um Ghearáin ó Chustaiméirí mar **"**Oifigeach Fiosrúcháin" ainmnithe chun gearáin a fhiosrú, agus tuairisc a ullmhú de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos in Alt 39 den Acht.

Ceapadh "Oifigeach idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas" agus "Oifigeach Rochtana Cúnta" freisin chun an straitéis míchumais d'Údaráis Áitiúla Chiarraí a mhaoirsiú.

1.4 Na Ceanglais Reachtúla agus Rialúcháin

De réir a gcuid Oibleagáidí reachtúla tá dualgas ar Údaráis Áitiúla Chiarraí an scéim Deontas Oiriúnaithe Tithe agus Scéim Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta a riaradh, agus a chinntiú go bhfreastalaíonn an clár tithíochta sóisialta ar riachtanais daoine faoi mhíchumas.

De réir a gcuid oibleagáidí rialúcháin, caithfidh na hÚdaráis a chinntiú go gcloífear leis na rialacháin tógála uile, agus go mbeidh gach foirgneamh poiblí ag teacht le Cuid M de na Rialacháin Tógála reatha.
Faoin bpróiseas Deimhniúcháin maidir le Rochtain do dhaoine faoi Mhíchumas atá molta sa Bhille um Rialú Foirgníochta, beidh ar Údaráis Áitiúla Chiarraí deimhniú go gcomhlíonann dearadh aon fhoirgneamh tráchtála nó bloc árasán nua le Cuid M reatha sula dtosaíonn an fhorbairt.

1.5 An Dréachtphlean Gníomhaithe – eochairphrionsabail

Ceapadh Dréachtphlean Gníomhaithe um Rochtain do Chách Údaráis Áitiúla Chiarraí 2008-2015 faoi réir an doiciméid Creat-treorach a d'eisigh an Bord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil i Meitheamh 2006, ina moltar:

- Pleanáil straitéiseach ag Foireann Láidir Ardbhainistíochta
- Cur i ngníomh agus Athbhreithniú ag Grúpa Stiúrtha ilfheidhmeach.
- A bheith i bpáirt agus i gcomhairle le grúpaí áitiúla a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas, ag féachaint do na "Treoirlínte faoi dhul i gComhairle le Custaiméirí "a d'eisigh an Grúpa Rialtais Áitiúil um Sheirbhísí do Chustaiméirí in Iúil 2005.
- An Plean Gníomhaithe a leabú i bPleanáil Chorparáideach agus i bPleanáil Bhliantúil Oibriúcháin na n-údarás áitiúil.

Tá Údaráis Áitiúla Chiarraí tiomnaithe do mheicníochtaí cuí a fhorbairt chun cinnteoireacht ina gComhairlí a phromhadh chun leasa daoine faoi mhíchumas, i gcomhréir leis an "Teimpléad faoi Phromhadh Míchumais don Rialtas Áitiúil". Tabharfar tosaíocht sa phlean gníomhaithe d'fhoirgnimh údaráis áitiúil agus saoráidí eile ar gá dul isteach iontu go minic, agus dá dtimpeallacht sheachtrach rochtana de chosáin, sráideanna agus trasrianta poiblí, agus don chomhéadan fisiciúil le háiseanna iompair phoiblí.

Féachfaidh údaráis áitiúla chuige chomh maith, go mbeidh teacht ag daoine faoi mhíchumas ar sheirbhísí nua agus saoráidí nuathógtha a' mhéid is féidir.

Cur Chuige

Tá an gealltanas a thug Rialtas na hÉireann i 1995, maidir le timpeallacht níos inrochtana a chruthú in Éirinn do dhaoine faoi mhíchumas trí bhíthin Fhorógra Barcelona, ina threoir ag Údaráis Áitiúla Chiarraí agus iad ag deimhniú go bhfuil an timpeallacht thógtha, mar aon le seirbhísí agus próisis chinnteoireachta ag éirí níos inrochtana.

An cur chuige Ardbhainistíochta ar glacadh leis ná an díograis seo ó thaobh na Straitéise Náisiúnta a bhrú chun cinn ar fud na heagraíochta, de bhíthin a bheith i gceannas ar an gclár, agus cinntiú go mbeadh a dtionchar ag dul i bhfeidhm tríd an bhfoireann shinsearach ar Cheannairí Aonaid Ghnó na foirne thíos, ar an bhfoireann mhaoirseachta uile agus ar na baill foirne uile lena mbaineann.

In 2001 ghlac Údaráis Áitiúla Chiarraí le cur chuige comhtháite chun Forógra Barcelona a chur i bhfeidhm, agus bunaíodh foireann trasrannóige ar a raibh baill foirne shár-riachtanacha. Bhailigh Foireann seo Fhorógra Barcelona faisnéis ar na seirbhísí a sholáthraíonn Údaráis Áitúla Chiarraí do dhaoine faoi mhíchumas, agus shainaithin siad réimsí dea-chleachtais chomh maith le réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú.

I measc samplaí na ndea-chleachtas tá:

- forbairt Ghairdín na gCéadfaí i bPáirc an Bhaile (An Fhaiche), Trá Lí.
- tithe athchóirithe go speisialta in eastáit tithíochta Údaráis Áitiúla Chiarraí.
- Daoine faoi mhíchumas a fhostú
- Rochtain fheabhsaithe ar ár n-oifigií agus ár leabharlanna poiblí, áiseanna a chur ar fáil do dhaoine le fadhbanna siúil agus éisteachta san áireamh.

Sna samplaí uile thuas, cuireadh na feabhsuithe riachtanacha caipitil faoi chúram Cheannasaí chuí na Rannóige lena gcur i bhfeidhm.

Tá dianoiliúint feasachta ar mhíchumas ar siúl ag Údaráis Áitiúla Chiarraí san fhoireann oibre le dhá bhliain anuas. Cuireann Oifigeach Comhionannais speisialaithe leis an bhfoireann um Chomhionannas agus Eagsúlacht a Threorú (LEAD) oiliúint feasachta faoi mhíchumas chun cinn, mar aon le seirbhísí a athbhreithniú agus feasacht ar chomhionannas do chách a spreagadh.

2.1 Cur Chuige Comhtháite

Tá clár míchumais/ cumais Údaráis Áitiúla Chiarraí á bhrú chun cinn ag leibhéal na hArdbhainistíochta, agus tá páirt dhíreach ag an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha i bhfeidhmiú Straitéis Rochtana Údaráis Áitiúla Chiarraí do Dhaoine faoi Mhíchumas. Chuir an bhaint dhíreach atá ag an Ardbhainistíocht leis an straitéis lena fheabhas is a d'éirigh le Contae Chiarraí, agus d'aithin painéal bronnta Gradam Náisiúnta Cumais 02 é sin i 2005 agus 2006.

Eochairthosaíocht ag an bhFoireann Ardbhainistíochta, a bhfuil cuid acu ina mbainisteoirí baile chomh maith i dTrá Lí, Cill Airne agus Lios Tuathail, is ea an Plean Gníomhaithe a dhaingniú in Údaráis Áitiúla Chiarraí. Tá a dtacaíocht ghníomhach sárthábhachtach maidir leis an bplean a leabú go héifeachtach i gcultúr na nÚdarás Áitiúil, toisc ról na nÚdarás Áitiúil sa chlár comhionannais agus cuimsithe shóisialta a bheith ag méadú.

Comhordóidh Foireann Feidhmithe na gníomhartha leanúnacha atá leagtha amach sa phlean gníomhaithe. I measc na mball ar an bhFoireann Feidhmithe beidh:
Na hOifigigh Rochtana ó na ceithre Údarás Áitiúil, an tOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas, an tOifigeach Comhionannais agus Foireann Shinsearach a bhfuil freagracht orthu i leith eochairghníomhaíochtaí an phlean seo a chur i bhfeidhm.
Raghfar i gcomhairle le daoine faoi mhíchumas atá fostaithe ag Údaráis Áitiúla Chiarraí agus spreagfar iad le bheith ina mbaill den fhoireann seo, toisc go raibh a gcion maidir le feidhmiú Fhorógra Barcelona sárluachmhar.

2.2 Gníomhaíochtaí á n-eagrú i bPlean Corparáideach Údaráis Áitiúla Chiarraí

Cuireadh dréacht den Phlean Feidhmithe faoi bhráid na gceithre Údarás Áitiúil, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Baile Thrá Lí, Comhairle Baile Chill Airne, Comhairle Baile Lios Tuathail agus glacadh leis i mí na Nollag 2007 agus i mí Eanáir 2008. Beidh cur i gcrích a chlár oibreacha sceidealaithe trí phróiseas Pleanála Corparáidí Údaráis Áitiúla Chiarraí

Ar mhaithe leis an gcultúr feasachta maidir le ceisteanna rochtana do chách a ‘dhaingniú’, nascfaimid an próiseas pleanála corparáidí leis an straitéis um Rochtain do Chách, trína chinntiú go ndéanfar sainiú sa Phlean Corparáideach ar ghealltanais Údaráis Áitiúla Chiarraí, mar aon leis an bhfís chun a straitéis a chur i bhfeidhm.

Baineann Plean Corparáideach reatha Údaráis Áitiúla Chiarraí leis an tréimhse 2005 – 2009.

Imreoidh an Plean Corparáideach a thionchar ar an bpróiseas pleanála Bliantúil Oibriúcháin sna ceithre Chomhairle, agus déanfaidh gach Rannóg a plean gnó a phromhadh ó thaobh an mhíchumais. Sonrófar Táscairí Ríthábhachtacha Feidhmíochta agus sceidealófar clár oibreacha a ghabhann leo.

2.3 Monatóireacht agus tuairisciú ar obair an Phlean Gníomhaithe

Tá Údaráis Áitiúla Chiarraí tiomanta do thimthriall mhonatóireachta, athbhreithnithe agus taifeadta ar an bPlean Gníomhaithe a oibriú. Trí bhíthin an Ghrúpa um Beartas Corparáideach, treoróidh na Comhaltaí Tofa an Plean Gníomhaithe agus déanfaidh siad monatóireacht ar dhul chun cinn ar bhonn bliantúil, de réir mar atá an clár oibre á chur i bhfeidhm de réir a chéile. Beidh tuairiscí ar dhul chun cinn sa Dréacht-Tuarascáil Bhliantúil, a ullmhófar de réir Alt 221 den Acht Rialtais Áitiúil 2001. Beidh athbhreithniú ar fheidhmiú foriomlán an phlean sa Tuarascáil Bhliantúil a nglacfar léi.

Iniúchóireacht Rochtana

Thosaigh Údaráis Áitiúla Chiarraí ag obair ar a gcuid iniúchtaí rochtana i 2006, agus bhí siad seo mórán i gcrích faoin spriocdháta reachtúil, an 30 Aibreán 2007. Go dtí seo, bhí buntáistí suntasacha fadtréimhseacha ag an bpróiseas Iniúchóireachta Rochtana. Thug baill foirne thábhachtacha faoi chlár fairsing oiliúna, chun tacú le reáchtáil na n-iniúchtaí rochtana as acmhainní inmheánacha.

Rinneadh iniúchtaí ar na háiteanna seo a leanas:

- Na bóithre agus na sráideanna go léir
- Na cosáin agus na trasrianta coisithe go léir
- Na foirgnimh phoiblí
- Na páirceanna poiblí
- Taitneamhachtaí agus spásanna oscailte
- Ionaid oidhreachta atá i seilbh, faoi bhainistíocht nó faoi rialú an údaráis áitiúil
- Leabharlanna Poiblí
- Cuanta atá á rialú ag an Údarás Áitiúil
- 13 thrá i gCiarraí ag a bhfuil brat gorm
- Reiligí

Tá curtha leis an obair seo le clár oiliúna feasachta a reáchtáladh ar mhíchumas le haghaidh na foirne inmheánaí.

Anuas ar fheasacht a spreagadh maidir le raon leathan ceisteanna rochtana, d'éirigh leis an bpróiseas é féin an acmhainneacht inúchóireachta inmheánach a fheabhsú.
(is acmhainn thábhachtach anois d'Údaráis Áitiúla Chiarraí iad na baill foirne inmheánacha), agus iad i bhfad níos tábhachtaí ná dul i dteagmháil le comhairligh lasmuigh de na húdaráis áitiúla.

'Túschéim' thábhachtach ba ea próiseas iniúchóireachta rochtana Údaráis Áitiúla Chiarraí maidir leis an bplean gníomhaithe a dhaingniú ar fud na seirbhísí.

Cuireadh an obair ar na hIniúchtaí Rochtana i gcrích i gcomhar le duine faoi mhíchumas. Chabhraigh an próiseas iniúchóireachta féin chun feasacht ar cheisteanna rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a spreagadh i measc na mball foirne agus an phobail i gcoitinne. Sna hIniúchtaí Rochtana críochnaithe sonrófar na gníomhartha feabhsaithe atá riachtanach ionas go mbeidh teacht ag daoine faoi mhíchumas ar na limistéir agus foirgnimh shainaitheanta.

Comhairliúchán

D'éirigh ar fheabhas le hÚdaráis Áitiúla Chiarraí seirbhísí a phríomhshruthú, toisc go raibh próiseas fairsing comhairliúcháin ann le grúpaí agus le heagraíochtaí atá ionadaíoch ar dhaoine faoi mhíchumas, agus le daoine atá ina gcónaí agus ag obair i measc an phobail chomh maith. Bhí feachtas ar na meáin, ar an raidió agus ar na meáin chlóite, chun cruinnithe poiblí comhairliúcháin, ionaid agus amanna a fhógairt, agus iarradh chomh maith ar ghrúpaí agus ar dhaoine leasmhara aonair tuairimí ar Phlean Gníomhaithe um Rochtain do Chách Údaráis Áitiúla Chiarraí a sheoladh isteach ar an idirlíon, ar ghléas fuaime nó ar aon fhoirm chuí eile inar bailíodh ó dhaoine iad. Iarradh ar an bhFóram Pobail agus Deonach a bheith rannpháirteach leis an bhfoireann ghníomhaithe chun an próiseas comhairliúcháin a phleanáil agus ionchur a dhéanamh sa Dréachtphlean Gníomhaithe. I nDeireadh Fómhair 2007 a bhí an comhairliúchán poiblí ar siúl.

Achoimre ar phríomhthorthaí an chomhairliúcháin suas go dtí seo:

Chuamar i mbun an phróisis chomhairliúcháin leis na Rannóga cuí sna hÚdaráis Áitiúla, le go mbreacfaidís síos costais agus cláir ama do na hoibreacha a sainaithníodh ina gcuid tuarascálacha ar Iniúchtaí Rochtana.

De réir Phlean Earnála na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, chuamar i gcomhairle chomh maith leis na príomhsholáthróirí iompair sa Chontae. Tá tábhacht le comhleanúnachas idir na háisíneachtaí stáit

agus na soláthróirí seirbhíse éagsúla chun gur féidir na ceisteanna ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh a mheas.

A) Bus Éireann
B) Iarnród Éireann
C) An Rialtóir Tacsaithe agus Fruilcharr
D) Cuanta (Shannonferries Ltd)
E) Iompar Pobail Chiarraí
F) Aerfort Chiarraí

A) Chuir Bus Éireann in iúl nach bhfuil aon bhusanna lán-inrochtana acu i gCiarraí faoi láthair, ach de réir Phlean Earnála na Roinne Iompair go bhfuil clár ann chun an cabhlach iomlán de bhusanna a uasghrádú sna blianta romhainn. Ní raibh siad in ann dáta cinnte a thabhairt ar a mbeadh a mbusanna i gCiarraí lán-inrochtana.

B) Chuir Iarnród Éireann in iúl, de réir Phlean Earnála na Roinne Iompair, go bhfuil clár náisiúnta ann chun na traenacha agus na stáisiúin uile a uasghrádú sna blianta romhainn. Faoi láthair tá uasghrádú á dhéanamh acu ar an iarnród ó Chorcaigh go Baile Átha Cliath, agus uasghrádaíodh Mala le déanaí. Níorbh fhéidir leo, áfach, clár ama a sholáthar maidir le huasghrádú an iarnróid ó Mhala go Trá Lí. Bhí na stáisiúin go léir i gCiarraí réasúnta inrochtana, ach bhí gá le hobair orthu chun go gcloífí leis na caighdeáin dea-chleachtais is fearr.

C) Faoi láthair, tá bunachar á chruthú ag an Rialtóir Tacsaithe agus Fruilcharr, an ghníomhaireacht rialúcháin i gcás gach tacsaí agus fruilchairr sa stát, de thoradh iniúchtaí a rinneadh ar gach ionad tacsaithe, agus ar an riocht ina bhfuil siad, sa tír. San áireamh san

fhaisnéis beidh líon na n-ionad, ceisteanna inrochtaine, comharthaíocht, scáthláin etc. Táthar ag súil go bhfoilseofar seo roimh dheireadh 2007.

Táthar i mbun treoirlínte ar dhea-chleachtais a chur le chéile i mbliana, chomh maith le mórphróiseas comhairliúcháin ar chaighdeáin feithiclí, le súil go mbeidh feidhm dlí leis seo faoi lár 2008.

Chuir siad in iúl go raibh 15 cheadúnas cathaoireacha rothaí gníomhach i gCiarraí faoi láthair, lár Iúil 2007.

D) Rinne Comhairle Contae Chiarraí iniúchadh ar chuanta i gCiarraí, agus aithníodh Tairbeart, An Caladh, An Neidín agus Baile an Sceilg mar phríomhchalaí as a n-iompraítear daoine. Sainaithníodh roinnt oibreacha a d'fhéadfaí a chur i gcrích chun rochtain ar na háiseanna seo a fheabhsú. Tháinig ceisteanna costais chun cinn, áfach, nach bhféadfaí gach cé agus caladh i gCiarraí a dhéanamh lán-inrochtana dá mbarr.

Chuir Shannonferries Teo., a fheidhmíonn amach as Tairbeart, in iúl go raibh dea-rialú orthu faoina gcuid Riachtanais cheadúnaithe, agus gur iompair siad gach saghas feithicle ar ghnách leo a bheith ar an mbóthar isteach agus amach ar an mbád farantóireachta. Chuir siad in iúl, chomh maith, toisc na srianta a bhaineann le riachtanais dearaidh ar muir (bulcaidí), nach raibh ar a gcumas leithris lán-inrochtana a chur ar fáil.

E) Chuir Iompar Pobail Chiarraí in íul go raibh siad ag forbairt ó bheith ina dtreoirscéim agus go mbeidís ina gclár iompair príomhshrutha don Chontae i gcoitinne i.e. d'fheidhmeofaí seirbhís phobail i ngach contae anois. Tá plean trí bliana 2008 – 2010 á chur le

chéile le haghaidh Iompar Pobail Chiarraí faoi láthair. Tá sé bhus lán-inrochtana acu, i dTuaisceart agus in Oirthear Chiarraí go príomha, agus úsáideann siad oibreoirí príobháideacha ar an gcuid is mó dá dturais (100 seirbhís agus cothrom le 100,000 turas paisinéirí in aghaidh na bliana). Thug siad faoi deara go raibh athrú meoin ar oibreoirí príobháideacha le déanaí: tráth níor theastaigh uathu a fhios a bheith acu faoi iompar inrochtana, ach anois tá siad ag lorg réiteach ar na fadhbanna san earnáil.

F) Chuir Aerfort Chiarraí in iúl go bhfuil saoráid nua á tógáil faoi láthair acu, agus go gcloífidh sé seo le riachtanais iomlána Cuid M d'fhoirgnimh nua. Tá an sean-chríochphort inrochtana, agus déileáiltear ansin go minic le grúpaí go leor a bhfuil riachtanais speisialta acu e.g. turais ar Lourdes etc. Tá an bealach isteach go dtí Aerfort Chiarraí an-mhaith, agus cuireadh cosán nua chomh fada leis An Fearann Fuar.

Bhí an ról a bhí an bhFóram Pobail agus Deonach, a bhfuil iondaithe acu ar Bhord Forbartha an Chontae, ríthábhachtach maidir le Plean Gníomhaithe Údaráis Áitiúla Chiarraí a chur i ngníomh. Foinse thábhachtach eolais ar an tionscadal is ea an Fóram Pobail agus Deonach. Bunaíodh foghrúpa chun gach gné den phróiseas comhairliúcháin phoiblí a phlé, agus ba mhór ab fhiú sin agus an cur chuige foriomlán á phleanáil.

Chuamar i gcomhairle ar dtús le grúpa beag tras-earnála, ar tugadh cuireadh dóibh tríd an bhFóram Pobail agus Deonach, agus a bhuail le chéile ag Leabharlann Thrá Lí ar an 14 Meán Fómhair 2007, chun a dtuairimí a thabhairt ar cheapadh an phróisis chomhairliúcháin phoiblí. Roghnaigh an

grúpa seo na hionaid tionóil a d'úsáidfí, agus gnéithe áirithe den mhodheolaíocht a úsáideadh sa phróiseas comhairliúcháin. Bhí a gcuid ionchuir an-dearfach, agus cinnteoidh sé go n-oibreoidh an próiseas comhairliúcháin go héifeachtach i gCiarraí agus an Plean Gníomhaithe um Rochtain do Chách á chur i bhfeidhm de réir a chéile againn.

Mar thoradh ar an gcéad chruinniú comhairliúcháin le Grúpa tras-earnála ón bhFóram Pobail agus Deonach cheapamar an próiseas do dhul i gcomhairle le mórphobal Chiarraí lena chinntiú go rachaimis i dteagmháil leis an méid daoine is féidir.

Chun na críche sin, d'eagraíomar feachtas fógraíochta ina raibh fógraí leathleathanaigh sna nuachtáin áitiúla agus nuair ab fhéidir, bileoga Aifrinn/bileoga pobail agus úsáid fhorleathan na stáisiún raidió áitiúil. Chomh maith leis seo scaipeamar cuirí chuig na grúpaí ar fad atá ina mbaill d'Fhóram C agus V agus chuaigh na grúpaí seo ar fad ar a n-uain i dteagmháil lena mbaill.

Cuireadh uimhir shaorghlao chomh maith le seoladh teagmhála ríomhphoist ar fáil agus chuamar ar shuíomh Gréasáin www.kerrycoco.

Ansin reáchtálamar ocht gcruinniú phoiblí sna Bailte seo a leanas:

Trá Lí	Dé Luain 15 Deireadh Fómhair 2007	7.30pm	Óstán Meadowlands.
Oileán an Chaisleáin	Dé Máirt 16 Deireadh Fómhair 2007	11.00am	Clubhouse An Ríocht
Lios Tuathail	Dé Céadaoin 17 Deireadh Fómhair 2007	7.30pm	Ionad Seanchaí

Cathair Saidhbhín	Déardaoin 18 Deireadh Fómhair 2007	11.00am	Óstán Ring of Kerry
Cill Orglan	Déardaoin 18 Deireadh Fómhair 2007	7.30pm	Leabharlann Cill Orglan
Cill Airne	Dé Luain 22 Deireadh Fómhair 2007	7.30pm	Óstán Dromhall
An Neidín	Dé Máirt 23 Deireadh Fómhair 2007	11.00am	Ionad Oideachais Aosaigh
An Daingean	Dé Céadaoin 24 Deireadh Fómhair 2007	7.30pm	Óstán na Sceilige An Daingin

Tríd is tríd bhí díospóireacht an-bhríomhar ann sa phróiseas comhairliúcháin. Tá achoimre ar na Príomhphointí sa Phróiseas Comhairliúcháin ar fáil in Aguisín 1.

Modheolaíocht Tosaíochta

Ceanglais reachtúla an Achta um Míchumas 2005, agus na spriocdhátaí atá leagtha amach sna Pleananna earnála cuí, a mhúnlóidh agus a rialóidh na prionsabail maidir le tosaíocht a úsáideann Údaráis Áitiúla Chiarraí.

Maidir le hord tosaíochta, deirtear i bplean earnála na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil:
"Go dtabharfar tosaíocht d'fhoirgnimh rialtais áitiúil agus do shaoráidí eile ar gá dul isteach iontu go minic, agus do chosáin, sráideanna agus trasrianta poiblí inrochtana i gceantair uirbeacha chomh maith."

Deirtear chomh maith ann :
"Go dtabharfaidh Údaráis Áitiúla Chiarraí tosaíocht d'uasghrádú stadanna bus ar bhóithre ar a bhfreastalaíonn busanna, más ann dóibh, atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí, nó bóithre ar a bhfuil a leithéid de bhusanna á dtabhairt isteach de réir a chéile, i gcomhréir le plean earnála na Roinne Iompair." (4.19.2)

Tabharfar tosaíocht i gcéaduair bunaithe ar na leibhéil úsáide a fheictear e.g. foirgnimh agus spásanna poiblí; déanfar seo i gcomhar leis na Ceannasaithe Rannóige sna Ranna cuí go léir. Chuathas i gcomhairle leo maidir leis na hoibreacha a bhfuil siad freagrach go díreach astu a chur in ord tosaíochta, bunaithe ar na hiniúchtaí rochtana a rinneadh ina gcuid réimsí.

Maidir le tosaíocht thánaisteach a thabhairt do ghníomhartha, bhí sé seo bunaithe ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí.
Bhí feachtas sna meáin mar chuid den phróiseas seo ina ndearnadh teagmháil le pobal chomh fairsing agus is féidir i gCiarraí, ar mhaithe le moltaí a fháil ar ais ó pháirtithe leasmhara agus daoine aonair. Mar aon leis seo, bhí ocht gcruinniú phoiblí i dToghcheantar an chontae: Trá Lí, Cill Airne, Lios Tuathail, Cill Orglan agus an Daingean mar a luadh roimhe seo i rannán 4.

Socróidh cúrsaí buiséid Údaráis Áitiúla Chiarraí luas agus leibhéal na n-oibreacha a chuirfear a gcrích sna hocht mbliana romhainn.

Sceideal Oibreacha

Réamhrá

Sa rannán seo, croí an Dréachtphlean Ghníomhaithe, leagtar amach na gníomhartha a bhfuil tosaíocht á tabhairt dóibh agus a bhfuil costáil déanta orthu, a thugann faoi fhreagairt Údaráis Áitiúla Chiarraí ar iomlán na gceanglas faoin Acht um Míchumas 2005 agus faoin bPlean earnála, tar éis don iniúchadh rochtana a bheith críochnaithe in 2007. Tá gníomhartha leagtha amach in ord tosaíochta faoi réir €1.6m (a bheag nó a mhór) in aghaidh na bliana a bheith ar fáil.
Tá eolas maidir le dul chun cinn go dtí seo curtha isteach chomh maith.

Déanfar an scarbhileog seo a nuashonrú de réir mar a dhéanfar dul chun cinn le hoibreacha. Doiciméad oibre is ea é ar a ndéanfar athbhreithniú ó am go chéile, agus tagrófar dó sna Tuarascálacha Bliantúla agus i

ndoiciméid tuairiscithe inmheánacha eile, cosúil le Tuarascálacha an Ghrúpa Ardbhainistíochta etc.

Sa Phlean earnála deirtear:
"Agus a bpleananna gníomhaithe á ndréachtú acu, beidh aird ag Údaráis Áitiúla Chiarraí ar an maoiniúchán agus ar na hacmhainní foirne atá ar fáil dóibh lena gcur i ngníomh." (4.3.2)

Tá maoiniúchán ar fáil d'Údaráis Áitiúla Chiarraí, 2005 go dtí 2007, ón DOEHLG faoin Straitéis Míchumais. Ullmhaíodh an maoiniúchán do Phlean um Rochtain do Chách Údaráis Áitiúla Chiarraí ar an mbonn go n-íocfar formhór na gcostas a bhaineann leis an bPlean Gníomhaithe as a n-acmhainní féin. Is dócha go gcaithfear an chuid is mó den mhaoiniú seo a chur ar fáil ónár n-acmhainní féin toisc go ndealraíonn sé go mbeidh an leibhéal maoinithe a thiocfaidh ón Rialtas Láir ar bhonn bliantúil an-bheag. Beidh éifeacht ag príomhshruthú seirbhísí reatha agus promhadh um míchumas ar sheirbhísí agus ar shaoráidí nua ar fud réimsí na gclár, agus is dócha go maoineofar formhór na dtionscadal faoi na réimsí clár lena mbaineann. Má chuireann an Rialtas Láir maoiniú ar fáil, beidh sé mar chuspóir ag KLA cuspóirí an Phlean seo a chur i gcrích in achar ama níos giorra.

Glacfaidh Údaráis Áitiúil Chiarraí le cur chuige réalaíoch maidir leis na tionscadail ar féidir tabhairt fúthu ag aon chéim ar leith, agus aird acu ar a gcuid dualgas dlíthiúla faoin Acht um Míchumas 2005 agus riachtanais an Phlean earnála. I gcás gníomhartha ina bhfuil gá le hacmhainní breise, déanfar na hacmhainní is gá a shainaithint agus a liostáil; agus déanfar soláthar dóibh nuair a bheidh na acmhainní ar fáil.

Is cuspóir de chuid an Phlean é ár gceanglais faoin Acht um Míchumas a chomhlíonadh faoi 2015, nuair is féidir agus nuair is cuí.

Déanfar na meastacháin bhuiséid tosaigh i leith na ngníomhartha éagsúla a nuashonrú ó am go chéile, treoirnasctha le bunlíne 2007.

Tá Údaráis Áitiúla Chiarraí tiomanta dá nDréachtphlean Gníomhaithe um Rochtain do Chách, agus feidhmeoidh siad i gcomhairle le páirtithe leasmhara lena chinntiú go mbeidh Ciarraí chun tosaigh maidir le freastal ar ár gcuid dualgas faoin Acht um Míchumas 2005.

Féach ar Aguisín 2 le do thoil chun achoimre ar chostais a fháil.

Aguisín 1

Is mar seo a leanas atá an achoimre ar na heochaircheisteanna a tarraingíodh anuas sna Cruinnithe Comhairliúcháin Phoiblí:

1. Bhí imní ar go leor daoine faoi thrasrianta coisithe agus ba chóir iad a fheistiú nuair is cuí le córais inchloiste.
2. Bhí an tábhacht ag baint le Cosáin d'ardchaighdeán, dar le daoine.
3. Tarraingíodh aird ar Chosáin i reiligí agus bealaí isteach i reiligí .
4. Pléadh an córas iompair phoiblí agus tacsaithe go háirithe.
5. Ról rialála na n-údarás áitiúil agus na róil forfheidhmithe ata acu.
6. Luadh saincheisteanna páirceála ar chosáin chomh maith.
7. Spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas a bheith in easnamh.
8. Araidí rothaí agus baic eile ar chosáin.
9. Deacrachtaí rochtana agus an Dearthóir a bheith feasach orthu.

Tá achoimhre ar thorthaí ó Q.4/Q6 ar an mBileog Aighneachtaí/Tuairimí (cóip ag gabháil leis seo):

Fuaireamar aighneacht scríofa is caoga roimh an spriocdháta den 7 Samhain 2007 ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí. Bhí 6 cheist ar an mBileog Tuairimí agus tá achoimre ar phéire de na ceisteanna tábhachtacha thíos.
Tá na freagraí a fuarthas ar cheist 4, (na gníomhartha tosaíochta is mó) de réir na bpríomhphointí thuas ó na cruinnithe iad féin den chuid is mó. Beidh an t-aischothú tábhachtach seo á chur san áireamh sa sceideal oibreacha a sainaithníodh sna hiniúchtaí.

Tá achoimre thíos ar an bhfaisnéis a fuaireamar ón gceist straitéiseach Ceist 6.

D'iarramar ar dhaoine na ceithre réimse seo a leanas a chur in ord tosaíochta, **1** ríthábhachtach, **2** tábhachtach, **3** tábhacht éigin leis, **4** gan a bheith tábhachtach

	1	**2**	**3**	**4**
Rochtain ar Fhaisnéis	16	15	7	1
Rochtain Fhisiciúil	30	4	4	
Rochtain Éisteachta & Chéadfach	9	11	5	10
Rochtain ar Chinnteoireacht	13	9	6	9

Mar is léir tá Rochtain Fhisiciúil ar bharr an liosta tosaíochta agus tá Rochtain ar fhaisnéis an-ghar dó sa dara háit.

An Próiseas Comhairliúcháin 15 go 24 Deireadh Fómhair 2007

1.1 Conas a chuala daoine timpeall an Chontae faoin bpróiseas Comhairliúcháin?



1.2 Cá mhéad duine a d'fhreastail ar na hocht gcruinniú comhairliúcháin agus cá mhéad aighneacht a fuarthas?

	Líon na ndaoine a bhí ann	**Líon na n-aighneachtaí**
Cathair Saidhbhín	17	4
Oileán an Chaisleáin	13	0
An Daingean	3	2
An Neidín	9	0
Cill Airne	14	8
Cill Orglan	6	5
Lios Tuathail	21	18
Trá Lí	16	14

Reáchtáladh 8 gCruinniú Comhairliúcháin	
Líon iomlán na ndaoine a bhí ann	99
Líon iomlán na n-aighneachtaí a fuarthas	51

Aguisín 2

Ranna	Ceantair	Iniúchtaí Ar Chód	Cúiseanna	Costais		Caiteachas 2008 - 2015
Aguisín A						
Comhairle Contae Chiarraí						
Comhshaol	Líonadh Talún Chiarraí Thuaidh	Tá		€43,500	Nasctha	
	Ionad Aistrithe Neidín	Tá		€53,500	Nasctha	
	Ionad Ais. Chathair Saidhbhín	Tá		€38,500	Nasctha	
	Ionad Ais. Bhaile an Mhuilinn	Tá		€38,500	Nasctha	
	Ionad Ais. Chill Airne	Tá		€38,500	Nasctha	
	Ionaid Bheir Leat	**Níl**	Caighdeán Náisiúnta	€0		
	Tránna le Brat Gorm	Tá		€159,500	Nasctha	
		Iomlán Comhshaoil		**€372,000**		**Meán Bliantúil €46,500**
Seirbhísí Corparáideacha	Áras an Chontae	Tá		€263,500	Nasctha	
	Ionad Seirbhísí Lios Tuathail	Tá		€83,000	Nasctha	
	Ionad Seirbhísí Neidín	Tá		€8,500	Nasctha	
	Ionad Seirbhísí Cill Orglan	Tá		€50,000	Nasctha	
	Oifig Ceantair Chill Airne	Cuid de	Á dhearadh	€54,500	Nasctha	
	Oifig Ceantair Oileán Ciarraí	Cuid de	Á thógáil	€3,500		
	Oifig Ceantair Chathair Saidhbhín	**Níl**	Á dhearadh	€0		
	Oifig Ceantair an Daingin	**Níl**	Á dhearadh	€76,200	Nasctha	
	Mótarchánach	Tá		€62,000	Nasctha	
	Seirbhísí Teic. Faisnéise	**Níl**		€10,000		
		Iomlán Gnóthaí Corparáideacha		**€611,200**		**Meán Bliantúil €76,400**
Seirbhísí Leabharlainne	Craobh Thrá Lí	Tá		€155,000	Nasctha	
	Craobh Chill Airne	Tá		€66,300	Nasctha	
	Craobh Lios Tuathail	Tá		€147,800	Nasctha	
	Craobh Bhaile an Bhuinneánaigh	Tá		€60,800	Nasctha	
	Craobh an Daingin	Tá		€110,300	Nasctha	
		Iomlán na Leabharlainne		**€540,200**		**Meán Bliantúil €67,525**
Ceantair na mBóithre	Baile Thrá Lí (CCC)	Tá		€862,000	Nasctha	
	Ceantar Thrá Lí	Tá		€30,000	Nasctha	
	Trá Lí Thoir (Oileán Ciarraí)	Tá		€360,000	Nasctha	
	Baile Lios Tuathail (CCC)	Tá		€482,300	Nasctha	
	Ceantar Lios Tuathail	Tá		€946,000	Nasctha	
	Cill Orglan	Tá		€235,700	Nasctha	
	An Daingean	Tá		€382,600	Nasctha	
	Céanna & Cuanta	Tá		€502,500	Nasctha	
	Neidín	Tá		€118,500	Nasctha	
	Cathair Saidhbhín	Tá		€205,500	Nasctha	
	Baile Cill Airne (CCC)	Tá		€290,600	Nasctha	
	Ceantar Cill Airne	Tá		€261,800	Nasctha	
		Iomlán na mBóithre		**€4,677,500**		**Meán Bliantúil €584,687**
Seirbhísí Uisce	Reiligí	Tá		**€3,225,500**	Nasctha	**Meán Bliantúil €403,187**
Aguisín B						
Comhairle Baile Thrá Lí	Cuimsitheach	Tá		**€2,956,000**	Nasctha	**Meán Bliantúil €369,500**
Aguisín C						
Comhairle Baile Chill Airne	Cuimsitheach	Tá		**€699,000**	Nasctha	**Meán Bliantúil €87,375**
Aguisín D						
Comhairle Baile Lios Tuathail	Foirgnimh amháin	Tá		**€462,000**	Nasctha	**Meán Bliantúil €57,750**
			Iomlán na nÚdarás Áitiúil i gCiarraí	**€13,543,400**		**Meán Bliantúil €1,692,550**